# NUACHT É ICEA-SCOILEANNA

Nollaig 2015

## San eagrán seo:


- Fáiltíonn Éicea-Scoileanna roimh chuairteoir ríoga
- Tuairiscíonn NVTV ó Lagan College
- Buaiteoir Chomórtas Póstaer Thrócaire
- Feachtas na nGráinneog
- Nuacht Scoile: Lainseálann Omagh Academy Litter Less
- Nuacht Comhpháirtithe: Eolas is déanaí ó na Comhairlí
- Scéalta Eile
- Comórtais
- Spriocdhátaí don Bhrat Glas
- Bratacha Glasa an mhí seo


## Cuidíonn cuairteoir ríoga le síolta a chur le haghaidh todhchaí gheal timpeallachta.

Bhí lúcháir ar Keep Northern Ireland Beautiful, Éicea-Scoileanna agus Forge Integrated Primary School fáilte a chur roimh Dhiúc Gloucester, ar cuairt chun na scoile lena fheiceáil cad é a bhí na daltaí a fhás san éicea-gharraí.

Agus cur amú bia agus 'bia-mhílte' níos follasaí ná riamh mar fhadhb timpeallachta, agus ina shiocair le hAthrú Aeráide, bhí na daltaí ag Forge Integrated ag dul i mbun gnímh trína gcuid glasraí féin a fhás, ina measc cál, piseanna, cairéid, agus oinniúin ina ngarraí agus ag déanamh staidéir ar bhealaí lena múirín orgánach féin a dhéanamh, cosc a chur ar lotnaidí agus pailneoirí a mhealladh le bogadh isteach ina bhfeithid-óstán

Tá Brat Glas Éicea-Scoileanna, a bhfuil clú agus cáil idirnáisiúnta aige, bainte amach ag an scoil trína ngníomhaíochtaí le haire a thabhairt don timpeallacht sna réimsí topaice: bruscar, fuílleach, fuinneamh agus tailte scoile.

D'inis Ada Muinzer, dalta as R7 agus ball den Éicea-Choiste, dá n-aoi speisialta faoina gcuid gníomhartha chun an Brat Glas a bhaint amach agus an méid a chiallaigh sé don scoil, á rá: "Ba mhór an spórt é a bheith ag amharc ar ár gcuid plandaí agus glasraí ag fás ó bheith ina síolta beaga agus a bheith ag foghlaim an dóigh le haire a thabhairt dóibh. Tá an-bhród orainn a bheith inár nÉicea-Scoil agus ár mbrat glas a fheiceáil ar foluain taobh amuigh."

Bhí faill fosta ag Diúc Gloucester, labhairt le daltaí a bhfuil bua na garraíodóireachta acu as Éicea-Scoileanna a tháinig ar cuairt: Ulidia Integrated College, Carraig Fhearghais; Ballycraigy Primary School, Aontroim; agus St Joseph's Primary School, Ceathrú Uí Dhuibh, faoi na rudaí a bhí siad a fhás agus faoin dóigh ar ghníomhaigh siad leis an timpeallacht a chaomhnú. Tugadh babhla adhmaid a rinneadh go háitiúil as fuinseog dhúchasach mar bhronntanas don Diúc, agus chuir sé crann úll i dtailte na scoile leis na daltaí. Chun tuilleadh a léamh ar an scéal seo, tabhair cuairt ar ár suíomh gréasáin.



*Diúc ag caint le daltaí ó BS N. Iósaf, Ceathrú Uí Dhuibh.*




*Ulidia Integrated College ag míniú luibhthaispeántais.*



*Ballycraigy Primary School, Aontroim, caint tailte scoile.*



*Cuireann Diúc crann úll le cuiditheoirí díograiseacha!*

## Lagan College le feiceáil ar NVTV le linn cuairt CNO



Tháinig 100 Oibrí Idirnáisiúnta Éicea-Scoileanna, ar ionadaithe iad ar 54 tír ar fud an domhain, go Tuaisceart Éireann an mhí seo caite dá gComhdháil d'Oibritheoirí Náisiúnta (CON) a chomhroinnt dea-chleachtais agus chun forbairt leanúnach Éicea-Scoileanna ar mhaithe le daoine óga agus lenár dtimpeallacht go domhanda a phlé.

Le linn a gcuairte, bhí deis ag aíonna bualadh isteach le roinnt Éicea-Scoileanna áitiúla a rinne sárthaispeántas de scothchleachtas, agus breathnú ar shárobair Éicea-Scoileanna a bhí le feiceáil anseo i dTuaisceart Éireann, agus roinnt smaointe iontacha a fháil. Ba é Lagan College, Caisleán Riabhaigh, Ambasadóir Éicea-Scoileanna, ceann de na scoileanna a d'óstaigh cuairt. Mhínigh scoláirí a gcuid obair Éicea-Scoileanna, an fáth a bhfuil sí tábhachtach dóibh agus an dóigh ar fhorbair siad í le himeacht na mblianta. Chuaigh an dea-chaint, an mhuinín agus an t-eolas a léirigh scoláirí an Éicea-Choiste i bhfeidhm go mór ar na haíonna. Bhí an stáisiún áitiúil TF ar an láthair le scéal a dhéanamh ar an chuairt. **Le breathnú ar a dtuairisc, lean an nasc seo.**

# ‘Dúil sa Dúlra, Dúil sa Domhan’ ag Daltaí trí Chomórtas Póstaer Trócaire agus Éicea-Scoileanna.

**Breathnaíonn Éicea-Scoileanna áitiúla ar Athrú Aeráide ar Bhonn Domhanda**



*Roxy McAskie lena hiontráil bhuacach agus an duaisphíosa*

Agus athrú aeráide i measc na gceannlínte an mhí seo, rinne scoileanna áitiúla fiosrúchán ar an scéal. Ghlac scoláirí páirt i gcomórtas póstaeir Trócaire agus Éicea-Scoileanna ‘Dúil sa Dúlra, Dúil sa Domhan’ inar iarradh orthu smaoineamh ar bhealaí a dtiocfadh leo cuidiú leis an timpeallacht ina ngnáthshaol laethúil.

Léirigh na hiontrálacha go bhfuil an timpeallacht an-ghar dá gcroí, gur cás leo an tionchar a bhíonn ag ár stíl mhaireachtála ar an chomhshaol, agus folláine daoine i dtíortha atá i mbéal a bhforbartha atá thíos cheana féin le drochthorthaí athrú aeráide. Mhol daltaí a lán gníomhartha, idir bheag agus mhór, a thiocfadh leo a dhéanamh, cuir i gcás, na soilse a mhúchadh nó painéil ghréine a fháil, agus a bheith ag siúl seachas ag tiomáint chuig na siopaí, nó a gcuid glasraí féin a fhás.

Ba í Roxy McAskie ó Edwards Primary School i gCaisleán na Deirge a sheol isteach an iontráil bhuacach. Chuir póstaer Roxy béim ar an tábhacht atá le crainn a chaomhnú, trí iompar inbhuanaithe a úsáid agus táirgí áitiúla a cheannach le ‘bia-mhílte’ a laghdú agus le tacú lenár bhfeirmeoirí áitiúla fosta. Bhain an scoil dealbh iontach agus neamhghnách a chruthaigh an t-ealaíontóir áitiúil, Gloria Perry, as ábhair athchúrsáilte le cuidiú daltaí Éicea-Scoileanna ag ócáid comórtha 20 Bliain Éicea-Scoileanna i Márta 2015. Léigh tuilleadh ar an scéal seo anseo.

## Feachtas na nGráinneog - Am an Gheimhrithe atá ann!

Mar chuid de thionscnamh Sheaimpíní Speicis Nua NIEL, tá iarrtha ag Mark H Durkan, an tAire Comhshaoil, ar gach scoil cuidiú leis an ghráinneog dhúchasach. Sna 1950í, measadh gur mhair 36.5 milliún gráinneog sa Bhreatain. Is cosúil go bhfuil níos lú ná milliún gráinneog fágtha sa lá atá inniu ann.



Déanann gráinneoga geimhriú gach bliain, de ghnáth ó Shamhain go dtí thart ar an Cháisc, ach braitheann sé seo go mór ar an aimsir. De ghnáth, músclaíonn gráinneoga roinnt uaireanta i rith an gheimhridh agus tógann nead nua as duilleoga, cuachta thíos faoi thom nó carnán lomán nó bothán garraí, áit ar bith a thugann tacaíocht agus cosaint.

Bí cúramach le do thoil má bhíonn tú ag pleanáil tine chnámh nó glantóireacht gharraí mar go mb’fhéidir gur roghnaigh gráinneoga do charn lomán nó do ghrabán mar bhaile dóibh féin

Léigh gach sórt faoi ghráinneoga agus faoin mhéid a bhraitheann siad le linn geimhrithe anseo www.hedgehogstreet.org

Más rud é go bhfaca tú gráinneoga ar bith ar thailte do scoile nó má tá leideanna luachmhara agat is mian leat a roinnt, gabh i dteagmháil le ruth.vanry@keepnorthernirelandbeautiful.org agus tabhair spléachadh ar Fheachtas na nGráinneog ar an ion gréasáin s’againn.

## Nuacht Scoile: Omagh Academy meáite ar Litter Less le Feachtas Wrigley.




Leag Éicea-Choiste Omagh Academy amach a gcuid pleananna le haghaidh Feachtas Litter Less Wrigley “Ba mhian linn oiliúint a chur ar na daltaí uile sa scoil faoi cheist an bhruscair, ag úsáid póstaeir agus taispeántais dorchla idirghníomhacha le píosaí difriúla bruscair agus dátaí meathlúcháin ar a gcúl le gur féidir le scoláirí a gcuid eolais a thástáil. Cruthófar seó sleamhnán fosta do na scoláirí uilig le hamharc air ina leagfar béim ar na fadhbanna bruscair sa scoil agus sa chomharsanacht áitiúil. Eagrófar bailiúcháin bruscair agus úsáidfimid ár gcuid airgid ó Wrigley’s chun piocairí bruscair agus lámhainní a cheannach dó seo.

“Leis an tionscadal a lainseáil, chaith an tÉicea-Choiste am ag tús na Samhna ag réiteach dhá achar ar thailte na scoile agus ag cur bleibíní. Ina measc sin bhí cróch, lusanna an chromchinn, agus cainneanna. Soláthróidh na bleibíní bia luath do phailneoirí san Earrach. Bhain muid an-sult as na bleibíní a chur agus as bail a chur ar an áit. Táimid tógtha anois fá na bláthanna uilig a fheiceáil ag bláthú san Earrach agus an fhiabheatha a tharraingeoidh siad. Tá súil ag an Éicea-Choiste, nuair a bheas an áit níos gile, go spreagfaidh sé daoine fosta le níos lú bruscair a chaitheamh. Bhailigh muid 4 mhála bruscair 21kg meáchain sa ghlantachán againn.”

## Nuacht na gComhpháirtithe:

- D’éirigh go hiontach le cruinniú cnuasghrúpa **Belfast City Council** agus Éicea-Scoileanna ‘Going for Awards’ agus 10 scoil i láthair le cluinstin faoi na tionscadail uilig atá ar fáil faoi láthair a bhféadfadh sé iad a bheith ina gcuidiú i dtreo gradam, comhairle ar iarratais Brat Glas agus gradaim ar leibhéil eile. Buíochas le Belfast City Council as an ionad álainn meanmnach ag Teach Mhá Luain a chur ar fáil don chruinniú.



- Tugadh d’onóir d’ealaíontóirí óga ó scoileanna ar fud **Newry, Mourne and Down District Council** gur roghnaíodh na póstaeir a rinne siad ar théama an chomhshaoil le cur isteach i bhFéilire Comhshaoil 2016.

  *Sa phictiúr anseo leis an Chathaoirleach Baillie tá Eva Cumiskey ó St Peter's Primary School, Cloch Riabhach. Tá a póstaer buacach “Keep it Green" le feiceáil ar chlúdach tosaigh an fhéilire.*

# Nuacht Idirnáisiúnta Éicea-Scoileanna:

## AONACH 2015 SCOILEANNA GLASA ÉIREANN

Cúis bhróid ag Éicea-Scoileanna i bPoblacht na hÉireann, lainseáil an chéad aonaigh de chuid Scoileanna Glasa, a tharlóidh **Déardaoin 25 Feabhra 2016** i Halla na dTionscal san RDS.

Is deis é an tAonach chun sárthaispeántas a dhéanamh, ceiliúradh agus foghlaim faoi obair Chlár na Scoileanna Glasa. Ar an Aonach spleodrach seo, gheofar taispeántais idirghníomhacha, seónna tarraingteacha, gníomhaíochtaí spraíúla, ceardlanna agus aoichainteoirí a réiteoidh le gach aois agus gach cineál spéise. Fáilte roimh gach duine freastal ar an imeacht SAOR seo ach tá ticéid a chur in áirithe. Eolas le fáil ar shuíomh gréasáin Scoileanna Glasa.

# Nuacht ó Keep Northern Ireland Beautiful:

Is é an carthanas comhshaoil Keep Northern Ireland Beautiful a reáchtálann Éicea-Scoileanna i dTuaisceart Éireann. Seo thíos an t-eolas is déanaí ó réimsí eile san eagraíocht againn:

## Tacaíonn Keep Northern Ireland Beautiful 'Live Here Love Here' leis an 26ú Glanadh Bliantúil de chuid Belfast Royal Academy ar na Beanna Boirche.

Reáchtáil Ionad Gradaim Duke of Edinburgh ag Belfast Royal Academy a 26ú "Glanadh" Bliantúil Urraithe i gceantar Mhúrn agus Lá Timpeallachta Dé Sathairn 12 Nollaig.

Ghlac 149 duine páirt ann, ina measc 124 dalta, baill uile Ghradaim Duke of Edinburgh ó BRA, chomh maith le 25 cúntóir fásta. B'iontach an slua é sin i bhfianaise na drochaimsire a bhí i gceantar Mhúrn.

Fuarthas réiteach de 125 tona bruscair le 25 bliain anuas agus cé go raibh an aimsir iontach olc, glanadh ar shiúl méid mór bruscair arís i mbliana. Bruscar turasóirí lae a mhórchuid, ina measc cannaí, buidéil, paicéid chriospaí agus páipéir mhilseáin. Thóg na foirne chun siúil fosta, áfach, dramhaíl tí, ina measc píobra plaisteach, spriongaí cairr, moill rotha cairr, frámaí cathaoireacha, frámaí pubaill agus, in áit amháin, cathaoir uilleach dhóite.

Síleadh a mhór fosta den chuidiú a thug Comhairle Ceantair an Iúir, Mhúrn agus an Dúin, Iontaobhas Oidhreacht Mhúrn, an tIontaobhas Náisiúnta, an tSeirbhís Foraoise agus Mark's Skip Hire (Cill Chaoil).

**Cuimhnigh gur féidir do thacaíocht a gheallúint don fheachtas Live Here Love Here agus an t-eolas is déanaí a fháil ar ghníomhartha atáthar a dhéanamh i do phobal.**



*149 saorálaí a ghlac páirt i nglanadh bliantúil le Belfast Royal Academy sna Beanna Boirche*

## Tránna Thuaisceart Éireann a bhain duaiseanna



Rinne Keep Northern Ireland Beautiful freastal ar chruinniú idirnáisiúnta faoi Bhratach agus Muiríní an Bhrait Ghoirm san Ísiltír ar na mallaibh. Ba dheis é le heolas agus smaointe a chomhroinnt ar mhórán gnéithe de bhainistíocht tránna, agus a chinntiú go mbíonn gach ceann de na tránna den chéad scoth i dTuaisceart Éireann atá ag cur isteach faoi láthair ar an Bhrat Gorm in 2016 go díreach ag barr na gcritéar.


In 2015 bhain gach ceann de na 23 láthair shnámha ainmnithe i dTuaisceart Éireann, bhain siad amach caighdeán uisce snámha na hEorpa, agus bhí 'Sárchaighdeán' cáilíocht uisce ag 14 acu, rud a d'fhág incháilíthe iad le haghaidh Brat Gorm (do thránna saoire) nó Gradam Cósta Glas (do thránna tuaithe).

Reáchtálann tránna Brat Gorm réimse de ghníomhaíochtaí agus imeachtaí oideachas timpeallachta, go háirithe le linn an tséasúir snámha, ach fosta i rith na bliana, a bhféadfá páirt a ghlacadh iontu nó a oiriúnú duit féin. Labhair le do Chomhairle áitiúil chun an clár gníomhaíochta a phlé.

Le haghaidh tuilleadh eolais ar chlár an Bhrait Ghoirm i dTuaisceart Éireann nó le foghlaim cad iad na critéir le haghaidh tránna agus muiríní amharc ar ár suíomh gréasáin.

# Comórtas:

## Cookstown Textile Recyclers, Cash for Clobber



Is dóigh iontach ag do scoil é 'Cash for Clobber' le Cookstown Textile Recyclers (CTR) chun airgead a bhailiú le haghaidh tionscadail timpeallachta do scoile. Tabharfaidh CTR airgead ar na héadaí a bhailíonn siad, **50 pingin/kilo.** Ansin, sórtáiltear iad uilig go háitiúil agus dáiltear iad ar thíortha a bhfuil cuidiú de dhíth orthu nó athchúrsáiltear ina snáithíní iad le húsáid sa tionsclaíocht.

Is é an t-aon chomhlacht athchúrsála éadaí é atá deimhnithe ag BSI, a bhfuil eitic láidir timpeallachta acu agus a mholann Éicea-Scoileanna Thuaisceart Éireann agus is le bród a thug siad urraíocht do thopaic s'againn na dramhaíola le sé bliana anuas.
Thiocfadh leat suas le £3000 a bhaint do do scoil ach gach cineál éadaí agus bróga (péirí amháin), teicstílí tí agus málaí (gan duivéanna ná ceannadhairteanna san áireamh) a athchúrsáil.

**Tosaigh a bhailiú anois! – ní thiocfadh leis a bheith níos fusa:**
An scoil is mó a bhailíonn seanéadaí in aghaidh an dalta, bainfidh sí duais iontach airgid.

Tá trí bhanda ann le duaiseanna a bhaint, ag brath ar mhéid do scoile.

| Banda 1 = Suas le 100 dalta | Banda 2 = 101-250 dalta | Banda 3 = Níos mó ná 250 dalta |
|---|---|---|
| £1,000 | £2,000 | £3,000 |

Beidh an Comórtas ar siúl ón **1 Meán Fómhair 2015 go dtí 31 Bealtaine 2016.** Tabhair spléachadh ar shuíomh gréasáin Éicea-Scoileanna le haghaidh breis eolais.

Chun bailiúchán éadaí ‘Cash for Clobber’ a shocrú do do scoil, gabh i dteagmháil le CTR ag schools@c-t-r.com nó cuir scairt ghutháin ar 028 9447 8880.

## Dúshlán Taistil Translink





Tá Dúshlán Taistil Translink oscailte anois do gach scoil. Tá an Dúshlán á reáchtáil i dtéarma an Earraigh go dtí an 23 Bealtaine ar feadh 2 sheachtain ar bith a roghnaíonn tú féin. Déan do thorthaí a thaifeadadh leis na hacmhainní atá curtha ar fáil agus seol chugainn iad agus beidh seans agat duaiseanna iontacha a bhaint!

An bhfuil tionscadal iontach ar siúl agat ar scoil? Tá sé chomh maith agat cur isteach ar chatagóir an Tionscadail #Corraitheoirí Cliste agus tá seans agat duais a bhaint ansin fosta.

Ní hamháin gur comórtas é seo, is tionscadal iontach é a bhfuil a lán acmhainní foghlama agus monatóireachta ag dul leis. Amharc ar www.translink.co.uk/ecoschools le haghaidh tuilleadh eolais nó cuir r-phost chuig ruth.vanry@keepnorthernirelandbeautiful.org.

## Comórtas Póstaer NI Water

Tugtar cuireadh duit páirt a ghlacadh i gComórtas Bliantúil Scoileanna NI Water.



Soláthraíonn NI Water uisce dúinn atá sábháilte le hól agus a thugtar díreach chuig ár dtithe cónaithe ach ar an drochuair do roinnt mhaith daoine ar fud an domhain tá an scéal an-difriúil. Maireann 650 milliún duine gan uisce sábháilte, siúlann siad a bhailiú uisce salach ó linn nó ó loch agus iompraíonn ar ais chuig a dteaghlaigh é. Is í aidhm an chomórtais seo a thaispeáint a thábhachtaí atá uisce glan sábháilte don bheatha.

Díreoidh an comórtas ar phóstaer a dhearadh a thaispeánann an chomparáid idir uisce slán a bheith againn i dTuaisceart Éireann agus iad siúd a mhaireann gan uisce slán i dtíortha atá i mbéal forbartha.

Tá an comórtas ann do dhaltaí EC2 i ngach bunscoil i dTuaisceart Éireann, agus tá catagóir ann do Scoileanna Riachtanais Speisialta. Duaiseanna iontacha le baint. Spriocdháta an 25 Márta 2016. Is féidir breis eolais a fháil ó fhoireann oideachais NI Water ag education@niwater.com.

## Spriocdhátaí Iarratais do Bhrat Glas Éicea-Scoileanna .

Má tá rún agat pleanáil le haghaidh an Bhrait Ghlais i mbliana, tabhair do d’aire go bhfuil dhá spriocdháta ann don bhliain acadúil 2015-2016, **8 Eanáir 2016** agus **11 Márta 2016**.

Geallaimid go ndéanfar iarratais a fhaightear roimh an 8 Eanáir a mheas roimh shos na Cásca agus go ndéanfar iarratais a fhaightear roimh an 11 Márta a mheas roimh an 24 Meitheamh 2016. Cé go ndéanfar measúnú am éigin ar iarratais a fhaightear i ndiaidh an 11 Márta, ní féidir linn gealltanas a thabhairt go dtarlóidh sé sin roimh an 24 Meitheamh 2016.

## Bratacha glasa an mhí seo.

Tréaslaímid leis na scoileanna uilig a ghnóthaigh gradam an Bhrait Ghlais an mhí seo caite. Is iontach linn i dtólamh at t-eolas agus an díograis a léiríonn na daltaí agus na foirne uile inár gcuid Scoileanna Brait Ghlais agus caithfimid comhghairdeas a dhéanamh leo as a ngradam iontach.

Comhghairdeas le:

- Queen Elizabeth II Primary School, Cabhán an Chaorthainn
- Creggan Primary School, Baile Raghnai
- Sperrinview School, Dún Geanainn




**Déan teagmháil linn:**

Éicea-ScoileannaTuaisceart Éireann
Keep Northern Ireland Beautiful
Bridge House, 2 Ascaill Paulett
Béal Feirste, BT5 4HD
Tel: 028 9073 6920
eco-schools@keepnorthernirelandbeautiful.org

**Ná stad ansin! Tabhair cuairt ar shuíomh gréasáin Éicea-Scoileanna Thuaisceart Éireann le haghaidh tuilleadh scéalta, smaointe tionscadail, treoir ar chláir, cás-staidéir, eolas ar chomhpháirtithe seachadta agus a lán eile.**